

Ráiteas um Chumhdach Leanaí



**Coláiste Ghlór na Mara
2026-2027**

Dáta Athbhreithnithe: Leanúnach

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta:

Clodagh Ní Mhaolichiaráin.

Faomhaithe ag an mBord Bainistíochta:

Meán Fómhair 2026

RÁITEAS UM CHUMHDACH LEANAÍ

Coláiste Ghlór na Mara

Uimhir Rolla: 68082L

Is Gaelcholáiste comhoideachais, il-chreidmheach é Coláiste Ghlór na Mara a chuireann oideachas iar-bhunscoile ar fáil do bhuachaillí agus do chailíní ón gcéad bhliain go dtí an Ardteistiméireacht.

De réir cheanglais an **Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí 2017, Aguisín le Tús Áite do Leanaí (2019),** na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)** agus treoir Tusla maidir le Ráitis um Chosaint Leanaí a ullmhú, tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste Ghlór na Mara.

Tá Bord Bainistíochta na scoile tar éis Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna a ghlacadh agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad go hiomlán agus gan aon leasú mar chuid den Ráiteas um Chosaint Leanaí seo.

Príomhphearsanra

Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

Maedhbh Daltún

Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA)

Fiachra Ó hEochaidh

Duine Ábhartha

Maedhbh Daltún

(Is é an Duine Ábhartha an duine atá in ann faisnéis a chur ar fáil maidir leis an gcaoi ar forbraíodh an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo agus a bheidh in ann cóip den ráiteas a chur ar fáil ar iarratas. I suíomh scoile, is é an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe an Duine Ábhartha.)

Prionsabail um Chosaint Leanaí

Aithníonn Bord Bainistíochta na scoile go bhfuil cúinsí cosanta agus leasa leanaí lárnach i ngach gné de shaol na scoile agus gur gá iad a léiriú i mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile na scoile.

Ina cuid beartas, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíochtaí, déanfaidh an scoil:

1. A aithint go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar aon chúinsí eile.
2. Cloí go hiomlán lena cuid dualgas reachtúil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
3. Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha i ndáil le cúrsaí cosanta agus leasa leanaí.
4. Cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht díobhála nó timpistí a bhaineann le leanaí a íoslaghdú agus chun foireann na scoile a chosaint ar chúinsí a d'fhéadfadh iad a fhágáil oscailte d'éilimh mhí-úsáide nó faillí.
5. Cultúr oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a leanaí a spreagadh.
6. Riachtanais rúndachta a urramú go hiomlán agus iad ag déileáil le hábhair chosanta leanaí.

Measúnú Riosca

Tá measúnú déanta ag an mBord Bainistíochta ar na rioscaí féideartha díobhála do dhaltaí atá ag freastal ar an scoil agus tá na rioscaí agus na nósanna imeachta bainistíochta seo a leanas sainaitheanta aige:

Riosca Aitheanta	Nósanna Imeachta i bhFeidhm
Teagasc agus tacaíocht duine le duine	Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí, socruithe dorais oscailte nuair is cuí, polasaithe maoirseachta foirne
Teagasc agus foghlaim ar líne	Polasaí Úsáide Inghlactha, Polasaí Foghlama Digití, ardáin mhaoirsithe
Úsáid TFC, meán sóisialta agus gléasanna digiteacha	Polasaí Úsáide Inghlactha, Polasaí Frithbhulaíochta, Nósanna Imeachta um Shábháilteacht Idirlín
Turais scoile agus gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil	Measúnuithe riosca nuair is féidir, nósanna imeachta maoirseachta, toiliú tuismitheoirí, Polasaí Turais Scoile
Gníomhaíochtaí spóirt agus seach-churaclaim	Maoirseacht chuí, cód iompair, nósanna imeachta cosanta
Daltaí ag fágáil láthair na scoile gan chead	Nósanna imeachta tinrimh agus maoirseachta, Cód Iompair
Cuairteoirí agus conraitheoirí ar an láthair	Nósanna imeachta sínithe isteach, riachtanais chosanta agus maoirseacht
Earcaíocht agus roghnú foirne	Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, nósanna imeachta earcaíochta
Socrúcháin taithí oibre	Measúnuithe riosca, cumarsáid le soláthraithe socrúcháin
Cúram pearsanta, garchabhair agus tacaíochtaí folláine	Beartais ábhartha scoile agus oiliúint foirne
Bulaíocht, cibearbhulaíocht san áireamh	Polasaí Frithbhulaíochta agus nósanna imeachta tacaíochta do dhaltaí
Daltaí a bhfuil riachtanais bhreise cúraim nó cosanta acu	Nósanna Imeachta na Foirne Tacaíochta Daltaí agus nasc le gníomhaireachtaí seachtracha nuair is cuí
Úsáid TCI (CCTV)	Polasaí TCI agus nósanna imeachta rialaithe rochtana
Gníomhaíochtaí agus staidéar iarscoile	Nósanna imeachta maoirseachta agus socruithe cosanta

Tá Bord Bainistíochta na scoile sásta go bhfuil na rioscaí aitheanta bainistithe go cuí trí bheartais, cleachtais agus nósanna imeachta na scoile.

Nósanna Imeachta

Tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas le rún na scoile leanaí a chosaint:

1. Níosanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).
2. **Bí Cineálta** - Polasaí Frithbhulaíochta.
3. Cód Iompair Dhearfaigh.
4. Polasaí Iontrála.
5. Polasaí Tinrimh.
6. Polasaí Úsáide Inghlactha maidir le hlaidí/Teicneolaíocht.
7. Níosanna Imeachta Treorach agus Folláine.
8. Níosanna Imeachta do Riachtanais Speisialta Oideachais.
9. Polasaí Turais Scoile.
10. Níosanna Imeachta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.
11. Níosanna Imeachta Gearán.
12. Plean Bainistíochta Teagmhais Chriticiúil.
13. Polasaí TCI (CCTV).
14. Níosanna imeachta chun líomhaintí nó amhrais faoi mhí-úsáid i gcoinne phearsanra na scoile a bhainistiú.
15. Níosanna imeachta maidir le hearcaíocht agus roghnú sábháilte pearsanra scoile.
16. Níosanna imeachta maidir le hoiliúint agus faisnéis um chosaint leanaí agus cosaint a chur ar fáil don fhoireann.
17. Níosanna imeachta chun ábhair imní maidir le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú do Tusla.
18. Níosanna imeachta chun taifid ar ábhair imní agus gníomhartha cosanta leanaí a choimeád.

19. Níosanna imeachta chun Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe a cheapadh.
20. Níosanna imeachta chun taifid tinrimh foirne ag oiliúint um chosaint leanaí a choimeád.
-

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo gach bliain nó a luaithe is indéanta tar éis aon athrú suntasach ar aon ábhar lena mbaineann an ráiteas seo.

Glacadh leis an Ráiteas

Ghlac Bord Bainistíochta Choláiste Ghlór na Mara leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo.

Sínithe:

Clodagh Ní Mhaolchiaráin

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Sínithe:

Maedhbh Daltún

Príomhoide / Rúnaí an Bhoird

Uimhir Rolla: 68082L

Dáta an Athbhreithnithe: Meán Fómhair 2027